

gaelSCOIL na gCLOCH LIATH

Nuachtlitir - Eanáir/Feabhra 2024

Dúnadh Scoile School Closure

Beidh an scoil dúnta ar an gCéadaoin 8 Bealtaine chun lá in-seirbhíse don fhoireann do Churacclam Nua Mata na bunscoile a éascú.

The school will be closed on Wednesday 8 May to facilitate in-service training for the staff on the New Maths Curriculum for primary schools.

Coiste na dTuismitheoirí

Beidh bailiúchán éadaí ar siúl ar an Aoine 8 Márta. Fág éadaí atá tirim & glan ag an scoil idir 8:15 agus 9:15.

We have organised a clothes collection for Friday 8 March. Please leave clothes that are clean and dry at the school between 8:15 and 9:15.

Gaelgeoirí na Míosa

Comhghairdeas le Rang 6 M. Emma a bhuaigh Cóisir na Gaeilge Mí Eanáir, agus le R4, M. Celia a bhuaigh Cóisir na Gaeilge Mí Feabhra. Maith sibh.

Congratulations to R6 M. Emma who won Cóisir na Gaeilge in January, and to R4 M. Celia who won Cóisir na Gaeilge for February. Well done!

Leabhra Feabhra

Le linn Mí Feabhra cheiliúirigh an scoil "Leabhra Feabhra", bhaineamar ar fad sult as am sa bhreis a chaitheamh ag léamh leabhair Ghaeilge. Fuair gach múinteoir beart álainn de phictiúrleabhar, leabhair scéalaíochta, agus úrscéalta, iad ar fad trí Ghaeilge. Bhí an-spraoi ag na páistí ag tomhais cén leabhar is fearr leis na múinteoirí, is bhí dearbhán leabhar dóibh siúd leis na méid is mó i gceart. Ar an Aoine bhí Cóisir Léitheoireachta ag an scoil, bhí am álainn ag na páistí ag breathnú tríd na leabhair Gaeilge ar fad.

Throughout the month of February the school celebrated "Leabhra Feabhra", where we all enjoyed some extra time reading Irish language books. Each class received a selection of lovely picture books, story books and novels in Irish. The children had great fun trying to guess all the teachers favourite Irish books, and those with the most correct guesses received a book token. On Friday we held a Cóisir Léitheoireachta, or reading party, in the hall. The children had a lovely time and got to relax and look through the wonderful selection of Irish books.





Bord Bainistíochta

Pléadh na nithe seo a leanas;

- Cúrsaí Foirne 2024/25
- Féilire Scoile 2024/25, aontaithe
- Cúrsaí tráchtta & Safe Routes to School
- Painéil Gréine
- Cosaint Leanaí & Frithbhulaíocht
- Leabhra Feabhra
- Polasaithe; Frithbhulaíocht, Cumarsádie & Teagmhais Chriticiúla

The following items were discussed;

- Staffing 2024/25
- School calendar agreed for 2024/25
- Traffic matters & Safe Routes to School
- Solar panels
- Child protection & Antibullying
- Leabhra Feabhra
- Policies; Antibullying, Communication,, Critical Incidents.

Cuairt ón Údar Marita Conlon McKenna

Bhain daltaí R4 agus R5 an-sult as cuairt ón údar Marita Conlon McKenna le deireanas. Tá go leor leabhair do pháistí scríofa ag Marita, leabhair fhicsean staire iad, agus cuid acu aistrithe go Gaeilge. Bhí go leor ceisteanna suimiúla ag na páistí do Mharita, agus chuir siad an-spéis in obair an scríobhnóra. Is cinnte do mbeidh na páistí ag iarraidh tuilleadh leabhar dá cuid a léamh anois!

Rang 4 and 5 thoroughly enjoyed their visit from the author Marita Conlon McKenna. Marita has written many children's books, in the historical fiction genre. The children had lots of interesting questions for the author, and were very interested in the work of a writer. They will definitely be interested in reading mre of her books now after meeting her!



Blitz Peile na mBuachaillí

Ghlac buachaillí ó Rang 5 agus 6 páirt i gcomórtas peile i mBré an mhí seo. D'éirigh linn dhá fhoireann a chur le chéile, agus d'éirigh go han-mhaithe leo ina gcuid cluichí. Beidh babhta 2 ar siúl i Mí Aibreán, nuair a bronnfar corn ar na buaiteoirí. Go n-eirí linn!

Beidh na cailíní ar an bpáirc i Mí an Mhárta.

Boys from Rang 5 and 6 participated in a football blitz in Bray this month. We managed to put to teams together, and both teams did very well in all their matches. The second round will take place in April, when a cup will be presented to the winning team. Best of luck lads!

Next up are the girls in March.

